Imím ó áit go chéile,
dá réir sin is ann dom

Dídean na Bablóine

Peter Tomaž Dobrila

Aistrithe ag Peadar O Ceannabhain

focaileile
drugebesede

Co-funded by the
Creative Europe Programme
of the European Union

Imím ó áit go chéile, dá réir sin is ann dom

Cuirtear na focail "*Eppur si muove*" i mbéal Galileo Galilei, más faoina anáil féin é, arna rá gur mar sin a labhair sé tar éis a thabhairt os comhair na Cúistiúnachta. I dteanga na Slóivéine, is iondúil na focail sin a aistriú mar a bheadh "agus, ina dhiaidh sin is uile, casann sé" (ag tagairt, ar ndóigh, do chasadh an domhain) cé gur "agus, ina dhiaidh sin is uile, tá sé faoi ghluaiseacht" a chiallaíonn siad. Ní ag smaoineamh ar an rud a bhí i gceist leis ag an bhfear eolaíochta a luaitear an chaint sa lá atá inniu ann: cineál leathfhocail atá ann inniu lena léirítear an deacracht a bhíonn ag daoine glacadh le réimsí áirithe den fhírinne. Nuair a chuireann ealaíontóir saothar ealaíne os comhair an tsaoil, beart a ngabhann ráiteas nó agairt de chineál áirithe leis, áitítear orainn smaointeoireacht a dhéanamh agus sinn ag breathnú, ag éisteacht nó ag cur an tsaothair i láthair, ar a raibh rún a chur in iúl leis an saothar. Ní hionann agus cúrsaí eolaíochta, lena mbaineann modhanna oibre agus gnáis faoi leith d'fhonn toradh cinnte dearfa, más féidir ar chor ar bith é, a chur i láthair agus gan mórán ábhar amhrais a fhágáil le plé, tá i ndán le saothar ealaíne go músclófaí smaointe dhaoine leis an iliomad sruthanna éagsúla ar mhaithe lena bhfiosrú agus lena gcíoradh, lena n-admháil agus lena lorg a leanacht. Agus dá ainneoin sin, ní bhítear cinnte den chúrsa atá le leanacht, cé nach bhfuil i ndán dúinn dáiríre ach an t-aon bhealach amháin i dtreo faoi leith – a bhealach féin, bealach aonair, ag gach duine. Murach an fhuil a bheith seasta ag gluaiseacht, cén toradh a bheadh air sin? Cén toradh a thagann nuair a stopann an croí ag bualadh agus nuair nach ndéantar aon smaointe san inchinn?

Chaith mé mí sa Mhacadóin mar chuid de scéim do scríbhneoirí cónaitheacha. Bhí mé i gcathair Bitola, scread asail ón teorainn leis an nGréig, áit arb í an ghéarchéim eacnamaíochta agus cruachás na n-imirceach is mó atá de cháil uirthi. Géarchéim an duine atá ann go deimhin, géarchéim agamsa agus agatsa, géarchéim ag an uile dhuine a fheidhmíonn ar an domhan seo, réimse geopholaitíochta nach féidir a shéanadh ó thaobh cúrsaí nádúir agus daonra, fiú más cosúil – faoi bhrú rabharta mór bolscaireachta – sin á ligean i ndearmad againn ar fad. Ní airíonn an duine aon ní chomh mór uaidh agus a airíonn an ceangal dlúth leis an dúlra. Ceangal dáiríre agus ceangal ó nádúr, bríomhaireacht agus bisiúlacht, machnamh agus geanúlacht. Cinnte, d'fhéadfadh rudaí a bheith á gcur tuathal freisin, nuair a bhíonn ionramháil á dhéanamh orthu le meon madrúil na conairte gan de spreagadh i gceist ach meabhair scéim pirimide. Ach is iomaí meabhair le rud a dhéanamh, a oiread ar a laghad ar bith agus atá ann dínn féin, más é dearcadh an daonnachais atá á chur in iúl againn. Níos ginearálta ná sin, tá oiread ar a laghad agus atá de orgánaigh beo ann, agus iad ar fad cónasctha go dlúth leis an dúlra, ar a n-áirítear, chomh maith le gach neach beo, na pláinéid. Ar cheann acu sin atá sinne inár gcónaí. Agus is ceann acu sin sinne.

Tá dhá chomóradh á dhéanamh le taispeántas oiread ealaíontóirí as áiteanna éagsúla ar domhan, rud atá á eagrú agam ó mhí Aibreáin. Ceiliúradh, ar an gcéad dul síos, ar chothrom fiche bliain ó bunaíodh Ionad Ilmheáin Kibla, agus, ar an dara rud, mar a bheadh réamhthuar ealaíne ann ar thionscadal mór idirnáisiúnta eile, ar aon dul leis an gcineál atá á n-eagrú ón mbliain 2008 i leith ag an gComhlachas Cultúir agus Oideachais KIBLA, an foras neamhrialtais cultúir is fearr a chruthaíonn sa tSlóivéin agus an sméar mhullaigh maidir leis na heagraíochtaí a fheidhmíonn faoi scáth chláir de chuid an Aonais Eorpaigh, Cultúr agus an Eoraip Chruthaitheach.

Tá iomrall ag baint le polasaí na hEorpa deireadh a chur le teorainneacha; d'fhéadfadh, ar bhealach amháin, gur iomrall ama é, agus d'fhéadfadh ar an taobh eile den scéal, gur drochfháistine treibheachais atá á thuar leis, agus imirce á spreagadh ó thaobh cláir oibre atá, tar éis blianta ag cur le gluaisteacht na n-ealaíontóirí, ar na haidhmeanna is tábhachtaí ag an Eoraip Chruthaitheach. Fágtar dá réir sin tionscadail de leithéid Malairt Contúirte de chuid Kibla - a roghnaíodh ar cheann de cheithre cinn déag de thograí mórscála agus ar an aon cheann amháin ó Lár agus Oirthear na hEorpa, mar a thugtar air, i.e. na tíortha a cheangail leis an Aontas Eorpach sa bhliain 2004 - i gcás mearbhlach go maith agus plé á dhéanamh ó thaobh ealaíne leis an imirce agus le dúnadh teorainneacha. Mar a bheadh an chodarsnacht idir bogearra agus bunábhar.

Is iad na tíortha na crua-earraí, arna gcruthú ag an bpolaitíocht de réir a gcuid beartaíochta féin, agus na daoine á gcur i riocht na bhfeidhmchlár, á n-úsáid ag na tíortha chun a gcuid cuspóirí féin a thabhairt i gcrích.

Nach mór an chodarsnacht atá i gceist! An tráth a mbíodh teorainneacha á gcur ar neamhní ag an Eoraip, bhí siad á ndaingniú ag an Iúgslaiv agus caitear uaireanta an chloig sa lá atá inniu ag fanacht ag teorainneacha nach mbíodh ann ar chor ar bith tamall ó shin. Tuige nach bhféadann na tíortha nuachruthaithe seo, iarphoblachtaí, aontú ar a laghad ar bith ar aon réimse aontaithe cultúir amháin, rud atá ann go fóill? De réir leagan, beagán athraithe, d'áitiú Wittgenstein, "is iad teorainneacha mo theanga teorainneacha an tsaoil agam", síneann an réimse cultúir sin ar fud réimse iomlán talún na tíre mar a bhí sí tráth, agus i mo thuairim féin, níos faide ná sin arís. Ní háibhéil tubaiste cultúir a thabhairt air, nach bhfuil na teangacha céanna sin ar eolas ag daoine óga an lae inniu a bhí de dhlúth agus d'inneach sa saol a mhairimid le chéile. An tráth a raibh an coincheap maidir le Príomhchathair Eorpach an Chultúir 2012 á chur i láthair againn sa bhliain 2008, agus béim á leagan againn ar an gcuspóir – agus sinn ar an gcéad chathair i dtír Shlavach ar bronnadh sin de theideal uirthi – ionad chultúr na Slavach a chur ar chomhchéim leis na cultúir chomhsheasmhacha, cultúr na nGearmánach agus cultúr na Rómánsach, ba bheag nár thit comhaltaí an choimisiún saineolais ar an talamh.

Cloistear arís agus arís eile go bhfuil Sasana agus Éire plódaithe ag na sluaite Polannach, suas le dhá mhilliún. Is é a ritheann liom, nach Eorpaigh iadsan? Tá an Pholainn ina cuid den Aontas Eorpach chomh maith. Agus is fiú a rá go bhfuil an tSlóivéin í féin agus na sluaite tagtha isteach inti as an mBreatain, an Ghearmáin, an Ostair agus an Iodáil. Agus tuilleadh nach iad. Ach is é is mó atá tarlaithe go bhfuil an uile dhuine againn á mbáthadh ag meon na cogaíochta. Suaraíl agus tuataíl, ainmneacha eile ar chúngú agus ar sháinniú.

Ní thuigim cén fáth, i bhfianaise chinneadh na Ríochta Aontaithe le gairid, nach bhfuil aon duine ag éileamh go bhfógródh Jean-Claude Juncker, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, go bhfuil sé ag éirí as oifig. Ina uachtarán dó ar rialtas na hEorpa, is é atá freagrach as toradh reifrinn den chineál seo i gceann de na ballstáit. Tá polaiteoirí de chuid na Breataine ag trácht ar a bheith ag fanacht le hathrú ar an Aontas Eorpach leis na blianta, ach tuigeadh dóibh, le himeacht aimsire, nach é a bhí i ndán. Is fiú a mheabhrú gurbh é ceapadh Juncker sa phost sin a chuir diomá ar an bpobal agus ar dhreamanna polaitíochta, ós eisean duine de na daoine a chruthaigh tearmann cánach Lucsambarg i gceartlár na hEorpa, gan trácht ar chleasa eile dá chuid, a bhí gar do bheith mídhleathach, nó thar a bheith doghlactha, agus ar cinnte nárbh eiseamláirí den dea-nós iad. Le huachtarán dá shórt, níl an rath i ndán don Eoraip. Más mian linn malairt cuma a chur ar an Eoraip, ní mór tosú leis na ceannairí. Ba cheart "an Eoraip mar a bhíodh", leis na polaiteoirí lofa, a athrú go mbíonn "an Eoraip nua" againn lena mbaineann deiseanna nua agus ábhar dóchais, agus ar cheann de na coinníollacha lena theacht i gcrích bheadh athrú ar chóras na socruithe i réimse na polaitíochta: ba chóir toghcháin a bheith i gceist le forais uile na hEorpa, an Coimisiún agus uachtarán an Choimisiúin san áireamh. D'fhéadfaí tús a chur leis sin gan mhoill, díreach tar éis Juncker a bhriseadh as an bpost. Leis sin, déanfaidh an tAontas Eorpach ar a laghad comhartha beag bídeach a thabhairt go bhféadfadh daonlathas a bheith i gceist leis.

Ní bheadh ann don duine murach an imirce. Ní bheadh ná do na hainmhithe, ná do na plandaí. Níorbh ann don Domhan ná d'aon phláinéad eile. De réir na dteoiricí reatha, as an Aifric a tháinig an duine sa ré réamhstaire, scaip ar fud na hÁise agus tríd an tSibéir sular sroicheadh an Eoraip. Tráth ab fhaide anonn, taistealaíodh Bóthar an tSíoda agus Bealach na Spíosraí, rinneadh taiscéalaíocht agus tharla "fionnachtana", arbh í an choimhlint idir an pobal dúchais agus na daoine thar tír isteach ba thoradh go minic orthu i ndeireadh báire, agus, le roinnt céadta bliain anuas, tháing coilíneachtaí chun cinn ar an gcaoi sin. Sa lá atá inniu ann, táthar ag teannadh arís le tuiscint den chineál sin ar an domhan. Níl ann ach gur fíorúla na coilíneachtaí, agus an chogaíocht.

Is ea go dtí go dtarlaíonn ina gceartlár duine. Is léir gur ábhar buartha lucht imirce, agus ábhar contúirte dar le roinnt de na daoine, mar gheall go ndéantar díspeagadh, agus toirmeasc fiú, ar na mothúcháin a spreagtar – mothúcháin faoi leith a bhaineann go dlúth leis an duine féin. Tá an phearsantacht á báthadh ag gleo na scréachaíle, macalla dhaoine eile, ionas go gcaomhnaítear an saol mar a fheictear dóibhsean é agus go gceiltear gach locht atá air.

An coincheap sin, a bhí á thiomnú agam ar dtús do Srečko Kosovel, file ceannródaíochta na Slóivéine, 90 bliain tar éis a bháis, agus dá chuid dánta *An Eoraip ag Saothrú Báis* agus *Aoibhneas Mire an Bháis,* d'fhág mé i mo dhiaidh é. Is mian liom i gcónaí tagairt a dhéanamh don cheannródaíocht ach, tagairt chomhaimseartha ab fhearr liom, seachas ábhar staire; táim den tuairim gur ceisteanna den sórt sin a spreagtar leis an saothar atá ar taispeáint freisin. Ach is é an saol a roghnaigh mé: léiriú ar an saol atá san imirce, ceiliúradh ar an saol, go deimhin is é an saol é.

Bhí mé ag tiomáint go Ljubljana go mbeinn ag an aerphort roimh Jovan Joca Jovanović, an stiúrthóir de chuid na nIúgslaive ba dhéine cosc air, duine ar bronnadh cuid mhór de na gradaim is mó meas agus is iomráití air mar gheall ar a chuid saothair, agus roimh Oleg Kulik, ealaíontóir clúiteach na Rúise, a rugadh san Úcráin, agus a bhí ag eitilt isteach as Moscó. An mhaidin dar gcionn, bhuail mé leis an laoch Jusuf Hadžifejzovič agus le Adela Jušić, beirt ealaíontóirí de chuid Sarajevo féin; tháinig glaoch tráthnóna ó Žarko Bašeski, dealbhadóir faoi leith ón Macadóin, á rá liom go raibh sé tagtha cheana féin go Maribor; beidh complacht cáiliúil AES+F ag teacht chun na Slóivéine amárach den chéad uair le breis agus deich mbliana, agus tá an chuid eile – as an gCróit, as an tSeapáin, as an Astráil, as Ceanada agus as an bPolainn – i láthair sna hionaid cheana féin. Den chéad uair riamh, tá taispeántas chomh mór seo á sheoladh againn i dtrí cinn d'ionaid, ag MMC KIBLA, artKIT, agus KIBLA PORTAL, agus mar bharr ar an méid sin, beidh *Žicanje z žarom (Sreang Greille*) á chur i láthair ag Marko Brecelj.

Is é an saol atá san ealaín, ón mbunábhar aníos, agus is teist air sin gach saothar ealaíne ina léirítear cinniúint phearsanta an duine aonair nó cinniúint dreama, cinniúint teaghlaigh, sóisialta, sibhialta, polaitíochta nó creidimh agus cuirtíní na meán cumarsáide á n-oscailt go bhfoilsítear dúinn iad idir sinn agus léas; le pearsaí éagsúla á gceangal go caolchúiseach le chéile, éirimiúil, imníoch, agus spraíúil freisin sa chur i láthair ar an ngaol atá eatarthu agus a bhfuil i ndán dóibh. Scéalta pearsanta, áibhéil agus meafair, tuairisc ar an saol, léiriú fíorúil agus ceapadóireacht fhírinneach, cuimhne ar a raibh, tuairim ar a bhfuil, agus tairngreacht faoina mbeidh – cónascadh fhilíocht shaothair éagsúla ealaíne i ndráma comhleanúnach arna chur in iúl le meáin éagsúla fuaime agus físeáin.

Agus ina dhiaidh sin uilig, fiú amháin ar an taobh eile, taobh thiar de chuirtín na meán cumarsáide, tá rudaí mar a chéile, tiocfaidh an saol i láthair. Agus má deirtear gur ar bhealach ealaíonta a thagann, is dócha gurb shin tairiscint chomh cineálta agus a gheofá, go spreagfaí thú le smaointe nua a chur chun tosaigh nó gníomh a dhéanamh. Do chéad fáilte mar sin ar thuras na healaíne. Níl aon ábhar de dhíth ort ach thú féin.

Dídean na Bablóine

Beatha an saol. Dídean (maireachtála) de chineál ar bith atá i gceist: taobh istigh, foirgnimh, blocanna, tithe, campaí, teach láibe, íoglúnna; spásanna a thógtar go sealadach nó go buan, leantóirí, feithiclí campála, modúil, saotharlanna, stáisiúin spáis, scrínte agus páláis; nó taobh amuigh, ar an mblár fairsing, faoi bhéal an aeir, ar an uisce nó thuas sa spéir.

Beatha a bheith ar marthain, leanacht ar aghaidh, rud a tharraingíonn ábhar míniúcháin agus slata tomhais i gceist le loime na beatha: ar an gcéad dul síos, leathnaítear nóisean an nádúir agus ar an dara rud, cúngaítear go dtí leibhéal an duine aonair é, leibhéal pearsanta. Ar gach uile bealach, más é atá i gceist maireachtáil taobh istigh de ghrúpa, de dhream nó de chóras faoi leith, nó más strachailt leis an saol atá i gceist, rud a mbíonn coimhlint le tuiscint as i gcónaí, nó b'fhéidir diúltú don ionsaí le cosaint. Is féidir gach ní acu sin a mheas i ndáil le fadhbanna éagsúla de chuid na linne seo, cogaíocht, impiriúlachas agus coilíneacht nó coimhlint eacnamaíochta a mbíonn, de ghnáth, toradh sóisialta dá barr, mar gheall go mbítear ag iarraidh an lámh in uachtar a oibriú chun cos ar bolg a imirt ar na sluaite, a laghad ceart agus is féidir a fhágáil acu, agus a gcéim a ísliú go dtí nach mbíonn iontu i ndeireach báire ach tomhaltóirí.

Tíortha á dtarraingt go talamh, timpeallachtaí á scrios, daoine ag fulaingt, teaghlaigh á scaipeadh, deoraíocht, dídeanaithe, agus imirce, is de thoradh bhearta na ndaoine is mórchúisí sin uilig, agus tugtar "géarchéim dídeanaithe" ansin ar an gcás, cé gurb é atá ann dáiríre cogadh atá á spréachadh ag na daoine céanna leis na scórtha blianta, sin é a tharraing an mí-ádh ar na dídeanaithe. Newton *à la carte*.

Leis an taispeántas ealaíne *Dídean na Bablóine,* téitear i ngleic le ceisteanna faoi nóisean na beatha agus maireachtáil. Tá sé thar am, ina leith sin, roinnt de na ceisteanna a spreagadh in athuair a pléadh roimhe seo mar chuid den eiseachas nuair a agraíodh ní amháin go raibh saoirse ag an duine aonair agus gach uile dhuine agus aicme shóisialta ar chomhchéim ach go raibh de neamhspleáchas agus de cheart ag fear nó bean ar bith iad féin a chur in iúl gan srian ná constaic. Agus fiú má tá athrú ré ó shin ann, tá an comhthéacs céanna ag teacht i gceist arís: maireachtáil slán.

Tá réimse leathan de mhodhanna ealaíne in úsáid chun an bheatha agus an saol, de réir mar a thuigtear do na healaíontóirí iad, a chur i láthair ar bhealaí ilghnéitheacha dá gcuid féin agus a fhoilsiú trí mheáin éagsúla. An saol ar an bpláinéad, Spáslong an Domhain, agus é ag imeacht trí spás ama agus am spáis de réir chúrsaí seansocraithe, an Domhan ag casadh ar an ais agus ag dul timpeall na Gréine, Córas na Gréine ag iompú taobh istigh den réaltra agus Bealach na Bó Finne taobh istigh de chóras níos leithne arís – aistir iad seo ar féidir leis an duine/ealaíontóir iad a léiriú ar leibhéal pearsanta, fisiciúil, meabhrach, meitifisiciúil, ceapadóireachta, cumadóireachta nó samhalta.

Fíric staire atá ag cur thar maoil le miotaseolaíocht an Bhablóin, comhartha ar shaoithiúlacht ársa, tuiscint rómánsúil ar mhuintearas maidir le dreamanna, ciníocha, córais creidimh, teangacha, cultúir, a fheictear i bpróisis agus i saothair ealaíne, sa litríocht agus san ealaín don tsúil, anuas go dtí an lá atá inniu ann mar bharrshamhail idéalach den chuid is mó. Bhíodh an stát cathrach a sheas go neamhspleách tráth idir an Eofrait agus an Tígris, Geata Isteáir, Gairdíní Léibheann agus an túr is cáiliúla nach bhfuil ar fáil, seasta faoi bhagairt ar bhealaí éagsúla ó lucht caipitil agus ó lucht polaitíochta, sáinn nach bhfuil saoirse uaithi inniu féin san Iaráic, tír atá tarraingte ó chéile ag dreamanna ón gcoigrích a bhfuil na milliúin curtha ar imirce deoraíochta ar lorg dídine dá mbarr.

Ceaptar gur mó de ghné dhomhanda ag baint le saol an lae inniu ná mar a bhíodh, ach is é a mhalairt go deimhin a thabharfadh cinniúint na Bablóine le fios, tuiscint, ach oiread le rud, atá soiléir leis na cianta.

Santaíonn an duine, mar a shantaíonn gach neach beo ar an domhan seo, an dóigh is fearr go dtiocfar slán. Is iondúil gur cruthaíodh dream de chineál éigin dá bharr, gur chruthaigh siadsan lárionad maireachtála agus gur eascair, le himeacht na mblianta agus na gcianta, cultúr sibhialta san áit sin.

Is é sin, *sibhialtacht* a thabhairt air, a théann i gcodarsnacht go hiomlán le *míleatacht* mar nóisean/focal/fíric; bíonn an tsibhialtacht i gcontrárthacht seasta le míleatacht, agus dá réir sin i mbaol briseadh ó chéile nuair atá a chruthú, a cheapadh nó a leagan amach á cheangal le scrios, sléacht agus slad.

Tá, dá bhrí sin, *Dídean na Bablóine* dírithe ar an am i láthair. Cuirtear na modhanna ina samhlaítear seo i láthair ar bhealaí éagsúla, trí mheáin dhifriúla agus le bunábhar faoi leith i dtaispeántas ina bhfeictear saothar ríphearsanta in éineacht le cineálacha eile ar mó de ghríosú an phobail agus de racht a scaoileadh atá i gceist leo. Is iad na gnéithe pearsanta agus sóisialta sin atá cinniúnach maidir leis an duine (nó neach) a dhaingniú sa timpeallacht, sa taobh tíre nádúrtha nó i gceantar tuaithe; sa ghaineamhlach, sna sléibhte, agus sna coillte; i mbailte foirgníochta, mar a bhfuil an dlús daonra is mó ar domhan ar fáil; agus chomh maith leis sin i gcuid de na háiteanna is anróitĺ ina bhféadfadh an duine maireachtáil – le hoighearshruthanna, aibhneacha agus farraigí; agus fágtar gur mó de cheangal an doichill ná de chomhréiteach atá á cheapadh leis an gceangal idir an duine agus an dúlra nuair a is léir nach gceaptar an duine níos mó le gnéithe dílse an dúlra ach le rud éigin seachtrach ón taobh amuigh; coimhthíoch an duine a chaithfidh dul in oiriúint don aon ghnáthóg seo atá ar fáil – an Domhan, cé gur tharla le linn don duine a theacht chun cinn, le linn do shibhialtacht an duine a theacht chun tosaigh, gur athraíodh an ghnáthóg chomh mór nach cairdeas atá eadrainn féin agus an Domhan níos mó ach naimhdeas agus mailís de réir a chéile.

Tá an taispeántas *Dídean na Bablóine* dírithe ar thaithí phearsanta an ealaíontóra, bunaithe ar réimsí smaointeoireachta agus ceapadóireachta faoi leith, agus ar an timpeallacht nádúrtha agus ar an gcultúr ina saothraíonn na healaíontóirí. Ar na buncheisteanna a tharraingítear i gceist, tá an bheatha (maireachtáil, a bheith ann), teacht slán, imirce, chomh maith le próisis eile shaol na linne seo, nach bhfuil srianta maidir le taithí an domhain seo amháin, le súil ar mhodhanna eile maireachtála amuigh sa spás, ar phláinéid eile, i réaltraí béal dorais, agus i réaltbhuíonta san imigéin. Cé nach eol go fóill timpeallacht eile seachas an pláinéad seo a bheith cóiriúil don duine, téann inchinn an ealaíontóra níos faide ná sin go gcuirtear i láthair árais cónaithe, colainneacha, éadach, bailte, foirgnimh, ceangal caidrimh, etc. de chineálacha nua a d'fhéadfadh an duine a thaithí feasta agus tá sin, ar a chur i láthair trí mheáin éagsúla, de mhórthéama leis an taispeántas. Mar atá le tuiscint ón teideal, tá léargas na staire, dearcadh na linne seo agus aisling tairngreachta ag rith leis an taispeántas ealaíne agus rangú na healaíne in úsáid chun na smaointe a chur i gcéill ar bhealaí éagsúla.

Is féidir "dídean" a cheangal leis an gcoincheap maidir le cearta bunúsacha an duine agus go háirithe le nóisean na sábháilteachta. Is féidir le duine dul ar gcúl san áit a bhfuil dídean go mbraitheann slán sábháilte ann. D'fhéadfadh dídean a bheith ag duine in áit nach mbraitear sábháilte ná mísábháilte. Nuair a bhraitear mísábháilteacht agus eagla le chéile, tarlaíonn slógadh mór: sa lá atá inniu ann, tá ceannairí an domhain ag cur is ag cúiteamh faoin ord tábhachta maidir le cearta an duine nó sábháilteacht an duine. Táthar ag leagan amach modhanna agus bealaí nua i ndiaidh a chéile chun daoine a smachtú, daoine nach mian leo ina dhiaidh sin ach dul ar gcúl go dtí áit dídine. Áit ina bhfuil siad suaimhneach. Talamh slán.

Ach ansin féin, níl sa tsábháilteacht ach mearú súl agus súil ghrinn ghéar an chaipitleachais ag faire orainn ar ár suaimhneas, ag fáthmheastóireacht maidir lenár n-iamhaireacht, lenár ndiamhracht, lenár dtoil, ár ndeoin agus ár meon. Tá scáthán le hais shábháilteacht mar dhea an scáthláin, scáthán a bhainean leis an taispeántas *Dídean na Bablóine*, ina bhfeicfear an pobal agus an pholaitíocht agus a fheicfear sa phobal agus sa pholaitíocht.